Coimisiún na Meán

# Glao Ar Iarratais Ar Mhaoiniú Maidir Le Litearthacht Sna Meáin / Gníomhú In Aghaidh Na Bréagaisnéise 2026

## Treoirlínte agus Critéir Maidir le hIarratas a Chur Isteach

Dáta Foilsithe:
10 Márta 2026

Spriocdháta le haghaidh freagra:
13 Aibreán 2026

**Réamhrá** **3**

**1. Cúlra** **3**

**2. An Comhthéacs a Bhaineann Leis an nGlao ar Iarratais** **3**

**3. Cuspóirí** **4**

**4. Incháilitheacht** **4**

**5. Nós Imeachta** **5**

**6. Measúnú** **5**

**7. Formáid na nIarratas** **6**

**8. Maoiniú Státchabhrach** **6**

**9. Coinníollacha Maoinithe** **7**

**10. Seicliosta** **8**

**Aguisín 1** **8**

**Aguisín 2** **9**

**Réamhrá**

Tá iarratais á lorg ag Coimisiún na Meán (An Coimisiún) ar mhaoiniú deontais le haghaidh tionscnaimh maidir le litearthacht sna meáin faoina Ghlao ar Iarratais ar Mhaoiniú maidir le Litearthacht sna Meáin /Gníomhú in Aghaidh na Bréagaisnéise 2026.

Tá luach €200,000 san iomlán ar fáil chun maoiniú a dhéanamh ar eagraíochtaí ar féidir leo gníomhaíochtaí a bhaineann leis an litearthacht sna meáin a chur ar fáil i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise (NCDS) a foilsíodh an 17 Aibreán 2025. Is é seo an chéad cheann de dhá ghlao a eiseofar in 2026. Leis an dara glao ar iarratais, féachfar le micreadheontais a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí pobalbhunaithe litearthachta sna meáin.

Tugtar cuntas thíos ar eolas cúlra, sonraí maidir leis an gCoimisiún agus lena chuid feidhmeanna reachtúla, breac-chuntas ar riachtanais incháilitheachta agus nósanna imeachta a bhaineann le hiarratas a chur isteach.

Is é meán lae an **13 Aibreán 2026** an spriocdháta le haghaidh iarratais a fháil.

## 1. Cúlra

Is comhlacht é Coimisiún na Meán (An Coimisiún) a bunaíodh faoin Acht Craolacháin 2009, arna leasú ag an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022. Tá Coimisiún na Meán, mar rialálaí neamhspleách na hÉireann ar an tsábháilteacht ar líne agus ar na meáin, freagrach as Creat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann. Áirítear leis an gCreat Sábháilteachta ar Líne An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán (OSMR), an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA), agus an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR). Faoi OSMR, tá dualgas ar Choimisiún na Meán taighde a dhéanamh ar thionscnaimh oideachais agus oiliúna agus ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le litearthacht sna meáin agus iad sin go léir a chur chun cinn freisin.

## 2. An Comhthéacs a Bhaineann Leis an nGlao ar Iarratais

Is ionann litearthacht sna meáin agus sraith thábhachtach scileanna chomh maith le heolas a bhíonn de dhíth ar dhuine chun a b(h)ealach a dhéanamh trí thimpeallacht chasta faisnéise. Gné bhunriachtanach de chuid na litearthachta sna meáin is ea an cumas chuig ábhar sna meáin a thuiscint agus measúnú criticiúil a dhéanamh air freisin - cibé foinse atá i gceist - chun cinneadh stuama a dhéanamh faoi úsáid na meán. Baineann na scileanna smaointeoireachta criticiúla sin go dlúth le hionracas faisnéise a chaomhnú agus táthar ag aithint de réir a chéile gur uirlis í an litearthacht sna meáin chun gníomhú in aghaidh na bréagaisnéise.

Tá le tuiscint ón dea-chleachtas idirnáisiúnta go bhfuil sé bunriachtanach go nglactar cur chuige trasearnála lena mbaineann an iomad páirtithe leasmhara agus ina leabaítear an litearthacht sna meáin i bhfoghlaim an duine ar feadh a s(h)aoil. Tá sé tábhachtach a thuiscint freisin go bhfuil an litearthacht sna meáin ilréimseach agus dinimiciúil. Tá sí ilréimseach mar go gclúdaítear inti réimse leathan eolais agus scileanna a bhaineann leis an bhfógraíocht, an nuacht, IS, agus cruthú ábhair, mar shampla. Tá sí dinimiciúil mar gheall ar chineál na litearthachta sna meáin, rud a fhágann go dtagann athrú riachtanach uirthi mar fhreagra ar athruithe ar an teicneolaíocht, ar noirm shóisialta agus ar chúrsaí polaitíochta. Bíonn na riachtanais a bhaineann leis an litearthacht sna meáin éagsúil i measc an daonra agus i gcaitheamh saol duine. Dá réir sin, ní mór breathnú ar an litearthacht sna meáin mar a bheadh próiseas foghlama fad saoil ann lena mbaineann réimse páirtithe leasmhara a thugann tacaíocht do dhaoine de gach aois, agus iad siúd ar a n-aistear foghlama aonair.

Tá dúshlán na bréagaisnéise casta. Cé go raibh an bhréagaisnéis ann riamh, bealach amháin nó bealach eile i gcaitheamh na staire, is feiniméan í atá ag fás i gcónaí, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Mar gheall ar bhorradh na meán digiteach, tá athrú ó bhonn tagtha ar an gcaoi a gcruthaítear, a scaiptear agus a dtomhlaítear ábhar. Cé go bhféadfadh sé go mbeadh próisis dhaonlathacha níos rannpháirtí agus níos ionchuimsithí de bharr go mbeadh fáil níos mó ar réimse éagsúil d'fhaisnéis ar ardchaighdeán, d'fhéadfadh sé freisin go mbeadh sé i bhfad ní ba dheacra ar dhaoine a dhéanamh amach cé acu atá cruinn iontaofa nó nach bhfuil agus cé acu atá le trust nó nach bhfuil, mar gheall ar iompar ionramhálach chun an bhréagaisnéis a scaipeadh ar líne.

Sa chomhthéacs sin, príomh-mholadh de chuid an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán ba ea Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise (FoMC) a fhorbairt, agus d'éiligh an Coimisiún sin go nglacfaí cur chuige ní ba chomhordaithe agus ní ba straitéisí chun go ngníomhófaí in aghaidh thionchar díobhálach na bréagaisnéise ar shochaí agus ar dhaonlathas na hÉireann. Meitheal oibre ina raibh ionadaithe éagsúla ón tionscal, réimse an léinn, an tsochaí shibhialta agus ranna rialtais a d'fhorbair an Straitéis Náisiúnta Frith-Bhréagaisnéise (NCDS) agus seoladh in Aibreán 2025 í. In NCDS leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis an litearthacht sna meáin agus le príomhscileanna criticiúla faoi Phrionsabal B a chur chun cinn: Gníomhú in aghaidh na bréagaisnéise trí theacht aniar agus muinín a chothú ar leibhéal an duine aonair agus leibhéal na sochaí. Aithnítear freisin in NCDS an gá atá le cur chuige fad saoil a ghlacadh chun gur féidir le gach saoránach litearthacht sna meáin a chothú, agus aithnítear oiliúint, feasacht agus straitéisí leabharlainne agus litearthachta poiblí mar ghníomhartha. Is cuid de chur chun feidhme NCDS é an glao seo ar iarratais maidir le Litearthacht sna Meáin / Gníomhú in Aghaidh na Bréagaisnéise.

## 3. Cuspóirí

Dáilfidh Coimisiún na Meán (An Coimisiún) maoiniú chun tacú le gníomhaíochtaí litearthachta sna meáin i gcomhréir le NCDS, faoi Ghealltanas 4 'cur chuige fad saoil a ghlacadh chun gur féidir le gach saoránach litearthacht sna meáin a chothú'. Ba cheart go gcuideodh na gníomhaíochtaí le gníomhú in aghaidh na bréagaisnéise:

- Trí theacht aniar agus muinín a chothú ar leibhéal an duine aonair agus leibhéal na sochaí agus/nó
- Trí níos mó comhoibrithe, comhair agus comhordaithe agus/nó
- Trí fhrithbhearta agus idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise

Tá maoiniú dar luach €200,000 ar fáil d'eagraíochtaí incháilithe ar féidir leo ar a laghad ceann amháin de na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- Eolas eimpíreach faoi straitéisí éifeachtacha litearthachta sna meáin a chur chun cinn chun gníomhú in aghaidh na bréagaisnéise chomh maith le léargas ar riachtanais agus ar inniúlachtaí na n-earnálacha difriúla a chuireann litearthacht sna meáin ar fáil ar feadh na saolré a chur chun cinn.
- Cur chun feidhme Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023-2027 'Is í an Leabharlann an Áit'.
- Obair i gcomhar le príomh-chomhpháirtithe agus le líonraí bunaithe chun ábhar oideachais a fhorbairt a chumhachtaíonn muintir na hÉireann le scileanna agus le heolas chun roghanna feasacha a dhéanamh maidir leis an ábhar meáin agus leis na seirbhísí meán a thomhlaíonn siad, a chruthaíonn siad agus a scaipeann siad.
- Measúnú a dhéanamh ar thionchar agus dea-chleachtas a ghabháil do sholáthar amach anseo.

## 4. Incháilitheacht

Glacfar le hiarratais ó eagraíocht a chomhlíonann na critéir incháilitheachta seo a leanas:

- Eagraíochtaí atá lonnaithe in Éirinn nó in AE ***agus***
- Ag a bhfuil teist chruthanta ar thionscadail nó ar thionscnaimh chosúla a chur i gcrích agus ag a bhfuil tionchar bunaithe ar an iomad grúpaí de pháirtithe leasmhara ***agus***

- Ceann amháin den dá rud seo a leanas a bheith acu:
  - Sainchúram maidir leis an bhfoghlaim fad saoil d'Éireannaigh ar fud gach pobal a éascú agus tacú léi, agus aird shoiléir ar an litearthacht, lena n-áirítear litearthacht sna meáin agus an litearthacht faisnéise, ar fhorbairt agus ar nasc pobal, agus ar smaointeoireacht chriticiúil an duine aonair ***nó***
  - Sainchúram maidir le taighde agus measúnú a dhéanamh ar mhodhanna a bhaineann le litearthacht sna meáin agus leis an litearthacht faisnéise, ina bhféachtar le feiniméin na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise a thuiscint agus le teacht ar réitigh orthu sin.
- Níl daoine aonair incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

**I measc na samplaí de ghníomhaíochtaí is féidir a mhaoiniú faoin nglao seo** tá taighde comhoibríoch ar litearthacht sna meáin, straitéisí leabharlainne agus litearthachta poiblí (lena n-áirítear straitéisí litearthachta sna meáin), amhail oiliúint, agus tionscnaimh um ardú feasachta atá mar bhonn faoi ghealltanais agus prionsabail NCDS.
**Samplaí de ghníomhaíochtaí nach féidir tacú leo faoin nglao seo:** Tionscnaimh litearthachta sna meáin nach bhfuil dírithe ar bréagaisnéis a chomhrac, ar scannáin, cláir theilifíse nó raidió a léiriú, nó ar phodchraoltaí a thaifeadadh, agus/nó ar urraíocht gníomhaíochtaí. I gcás deiseanna sna réimsí ag deireadh an liosta sin, d'fhéadfadh go mbeadh spéis agat inár gcláir mhaoinithe eile.

D'fhéadfadh go mbeadh costais phearsanta, agus i gcúinsí teoranta, costais chaipitil i gceist le costais incháilithe.

## 5. Nós Imeachta

- Ní mór go soláthrófar togra taighde i ngach iarratas, lena n-áirítear gach gné a liostaítear i Roinn 7 thíos. Ní mór go léireofar san iarratas an chaoi a mbeidh an tionscadal/saothar mar bhonn faoi ghealltanais agus faoi phrionsabail NCDS.
- Ní mór go mbeidh na doiciméid ábhartha go léir, de réir mar a luaitear i Roinn 10 SEICLIOSTA iad, ag gabháil le gach iarratas.
- Ní mór go gcuirfear gach iarratas isteach i bhformáid PDF ar ríomhphost chuig usereducation@cnam.ie.
- Ní mór go bhfaighfear gach iarratas faoin spriocdháta seo a leanas: meán lae **an 13 Aibreán 2026**. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha ná le hiarratais neamhiomlána.

**TABHAIR FAOI DEARA:** Ní ghlacfaidh Coimisiún na Meán aon fhreagracht as aon chostas a bhaineann le hiarratas a réiteach.

## 6. Measúnú

- Ceapfar Painéal Measúnaithe, ina mbeidh ar a laghad beirt bhall de chuid Choimisiún na Meán, aon ionadaí amháin ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus beirt mheasúnóirí neamhspleácha ag a bhfuil saineolas ábhartha, chun measúnú a dhéanamh ar iarratais.
- Déanfaidh an Painéal measúnú ar iarratais a gheofar faoin spriocdháta a luaitear agus a chomhlíonfaidh na treoracha maidir le hiarratais a chur isteach de réir mar a leagadh amach iad.
- Déanfar measúnú ar iarratais de réir na gcritéar measúnaithe a dtugtar cuntas orthu in Aguisín 1.

## 7. Formáid na nIarratas

**A bhfuil le cur isteach:**

- Níor chóir go mbeadh an t-iarratas níos faide ná 10 leathanach (CVanna as an áireamh), agus ba chóir go mbeadh an méid seo a leanas ann
  - Togra tionscadail lena n-áirítear an méid seo a leanas:
    - Cur síos ar an tionscadal (200 focal ar a mhéad)
    - Cuspóirí an tionscadail agus mar a thagann na cuspóirí sin le NCDS
    - Cur chuige i leith chur chun feidhme an tionscadail lena n-áirítear amlínte agus bainistíocht tionscadail
    - Buiséad i bhformáid tábla
    - Breac-chuntas ar na próisis maidir le rialú cáilíochta agus le measúnú riosca a bheidh i bhfeidhm
    - Breac-chuntas ar an soláthar foirne agus ar na hacmhainní a bheidh ag teastáil
    - Breac-chuntas ar na modhanna measúnaithe a úsáidfear le torthaí a thomhas
    - Breac-chuntas ar fheiliúnacht, ar shaineolas agus ar theist na heagraíochta sa réimse, ina ndéantar tagairt do thionscadail ábhartha, do thionchar bunaithe ar an iomad grúpaí de pháirtithe leasmhara agus do chruthúnas ar dhea-rialachas
    - Curriculum Vitae (CV) an phríomhphearsanra a bheidh páirteach sa tionscadal, ina luaitear an t-ainm atá orthu, an teideal atá orthu, an eagraíocht lena mbaineann siad, an ról a bheidh acu sa tionscadal beartaithe agus taithí ábhartha atá acu (5 phearsanra ar a mhéad, fad 2 leathanach in aghaidh an CV ar a mhéad)

  Doiciméid eile atá le cur ar fáil:

  - Litir ghealltanais (grúpa pobail/eagraíocht a bhfuil sé i gceist agat obair i gcomhar leo), más ábhartha
  - Cóip shínithe de 'séanadh maidir le Saoráil Faisnéise agus le faisnéis íogair' sínithe, féach Aguisín 2
  - Cóip shínithe de 'Nochtadh maidir le coinbhleacht leasa', féach Aguisín 2
  - Sonraí maidir le haon mhaoiniú forlíontach nó le haon chómhaoiniú atá ar fáil don tionscnamh, más ábhartha
  - Ráiteas gearr faoi chineál, cuspóir agus stádas an iarratasóra

- Ba chóir aon chóip amháin den iarratas comhlánaithe, i bhformáid PDF, agus gach doiciméad atá ag teastáil, a sheoladh ar ríomhphost chuig usereducation@cnam.ie. Le deimhin a dhéanamh de go n-aithneofar d'iarratas i gceart, scríobh 'Iarratas ar Mhaoiniú maidir le Gníomhú in Aghaidh na Bréagaisnéise' agus ainm d'eagraíochta i líne ábhair do ríomhphoist. Mura bhfuil an líne ábhair sin ann, is féidir nach bpróiseálfar d'iarratas.
- Déan deimhin de go bhfuil gach ceangaltán agus dearbhú sínithe a iarrtar ag gabháil leis an iarratas.

## 8. Maoiniú Státchabhrach

Feidhmíonn an Coimisiún an Clár seo ag féachaint do Rialacha AE maidir leis an Státchabhair, agus úsáideann sé Rialachán De Minimus (AE) 2023/2831. Faoin rialachán sin, ní féidir go rachadh cabhair a dheonaítear do 'ghnóthas' amháin thar €300,000 i dtréimhse rollach 3 bliana. Ba chóir a thabhairt faoi

deara go gcaithfidh íocaíochtaí De Minimis le gnóthas amháin faoi roinnt beart nó scéimeanna cloí go carnach leis an teorainn €300,000.

Cabhair De Minimis Faoi De Minimis, is é €300,000 an uasteorainn reatha a bhaineann le gach cabhair De Minimis, beag beann ar fhoinse na cabhrach De Minimis sin, a bhronntar ar aon ghnóthas a dhéanann aon ghníomhaireacht Stáit nó comhlacht poiblí thar thréimhse trí bliana. Ceadaíonn an Coimisiún Eorpach cabhair de Minimis suas le €300,000 in aghaidh an ghnóthais thar aon tréimhse trí bliana faoi Rialachán De Minimis toisc go meastar go bhfuil sé sin ag leibhéal nach mbeidh tionchar substainteach aige ar thrádáil idir na Ballstáit ná nach ndéanfaidh iomaíocht a shaobhadh ná nach mbeidh bagairt ann go saobhfar í agus dá bhrí sin is féidir é a bhronnadh gan fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach ná imréiteach a fháil uaidh.

Ní mór d'iarratasóirí aon chabhair De Minimis a fuair siad ó aon chomhlacht poiblí sna trí bliana sula bhfaightear maoiniú ón gCoimisiún (agus aon iarratas ar mhaoiniú stáit atá "idir lámha") a dhearbhú don Choimisiún. Déanfar gach tionscadal a sheiceáil le haghaidh infheidhmeacht De Minimis mar chuid den iarratas tosaigh agus ar éilimh a chur isteach, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh iarratais neamh-incháilithe do chabhair deontais faoin gClár seo mar thoradh air sin.

Iarratasóirí a bhfuil tacaíocht á lorg acu faoi Rialachán De Minimis, ceanglófar orthu dearbhú a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina ndearbhófar an chabhair uile De Minimis a fuarthas le trí bliana anuas, i gcomhréir le Rialacha AE maidir le Státchabhair. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh dearbhú bréagach, a mbeadh de thoradh air sin go sárófaí an tairseach €300,000, a bheith ina chúis le haisghabháil na cabhrach ag an gCoimisiún le hús ina dhiaidh sin.

**Ceanglais Mhonatóireachta & Tuairiscithe**
Coinneoidh an Coimisiún taifid ar fhaisnéis agus ar cháipéisí tacaíochta chun a dheimhniú go gcomhlíonfar gach coinníoll a leagtar síos in De Minimis go ceann 10 mbliana ón dáta a ndéanfar an bronnadh deiridh cabhrach faoin gClár.

## 9. Coinníollacha Maoinithe

**Conradh:** Conradh i scríbhinn le Coimisiún na Meán a dhéanamh ina leagtar amach na téarmaí faoina gcuirfear an maoiniú ar fáil lena n-áirítear amlíne maidir le nuashonrú rialta ar dhul chun cinn agus sonraí faoi bhainistíocht tionscadail leanúnach.

**Aisghabháil Cistí:** Coinníonn Coimisiún na Meán an ceart chun íocaíocht bhreise mhaoinithe a choinneáil siar, agus/nó airgead a íocadh cheana féin a aisghabháil, sa chás go mainníonn an faighteoir a chuid oibleagáidí conartha a urscaoileadh do Choimisiún na Meán. Beidh cuntas bainc/cód buiséid ar leithligh ag teastáil uait le haghaidh an mhaoinithe seo.

**Saoráil Faisnéise:** Tá Coimisiún na Meán faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Faoin Acht sin, féadfaidh go gcuirfidh Coimisiún na Meán faisnéis a sholáthraíonn tú féin i d'iarratas nó le linn thréimhse do chonartha ar fáil do dhaoine eile arna iarraidh sin. Mar sin féin, geallann Coimisiún na Meán go gcoinneoidh sé faoi rún aon fhaisnéis a sholáthraíonn tú fad is go sonraíonn tú go bhfuil sí íogair ar bhonn tráchtála, faoi réir oibleagáidí Choimisiún na Meán faoin dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise.

**Cosaint Sonraí:** Cloífidh Coimisiún na Meán lena oibleagáidí faoin mBille um Chosaint Sonraí, 2018 agus aon dlí agus rialachán infheidhme eile a bhaineann le príobháideacht sonraí.

**Bainistíocht Tionscadail agus Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn:** Beidh nuashonruithe rialta ar dhul chun cinn an tionscadail ag teastáil ó Choimisiún na Meán chun deimhin a dhéanamh de go mbainfear na cuspóirí

amach go tráthúil agus laistigh den bhuiséad. Beidh an dáta ina mbeidh leath an tionscadail istigh agus tuarascáil deiridh i scríbhinn ar a laghad ag teastáil ó Choimisiún na Meán. Sonrófar tuairisciú sainiúil ar dhul chun cinn sa chonradh, ag brath ar an tionscnamh.

**Táirgí Insoláthartha:** Íocfar cistí ar bhonn céimnithe a chinnfear mar chuid de na hidirbheartaíochtaí conartha leis na hiarratasóirí a n-éireoidh leo. Coinníonn Coimisiún na Meán an ceart chun íocaíocht a choinneáil siar sa chás nach gcomhlíonann an t-iarratasóir oibleagáidí conartha maidir le soláthar an tionscadail ar chaighdeán sásúil.

### 10. Seicliosta

Déan deimhin de go bhfuil na ceangaltáin agus dearbhuithe sínithe go léir a iarrtar ag gabháil leis an iarratas. Cuirtear seicliosta ar fáil anseo:

- Togra tionscadail críochnaithe (mar a leagtar amach i Roinn 7 thuas). Déan deimhin de nach bhfuil togra d'iarratais níos faide ná 10 leathanach, CVanna an phearsanra ábhartha as an áireamh
- Cóip shínithe de 'séanadh maidir le Saoráil Faisnéise agus le faisnéis íogair', féach Aguisín 2
- Cóip shínithe de 'Nochtadh maidir le coinbhleacht leasa', féach Aguisín 2
- Litir ghealltanais (grúpa pobail/eagraíocht a bhfuil sé i gceist agat obair i gcomhar leo), más ábhartha
- Sonraí maidir le haon mhaoiniú forlíontach nó le haon chómhaoiniú atá ar fáil don tionscnamh, más ábhartha
- Ráiteas gearr faoi chineál, cuspóir agus stádas an iarratasóra

## Aguisín 1

**Réamh-mheastóireacht**: Le deimhin a dhéanamh de go bhfuil iarratasóir incháilithe chun maoiniú a fháil faoin nglao ar iarratas. Is é an fócas anseo ná a chinntiú go bhfuil na critéir íosta comhlíonta agus go bhfuil gach doiciméad / faisnéis riachtanach curtha isteach.

**Measúnú cáilíochtúil:** Déantar measúnú ar gach iarratas de réir a fhiúntais féin i gcomhthéacs na gcritéar measúnaithe thíos.

| Critéir an mheasúnaithe | Marcanna ar fáil % | Scór íosta a theastaíonn |
|---|---:|---:|
| 1. Pearsanra | 20 | 12 |
| 2. Gníomhaíocht bheartaithe | 25 | 15 |
| 3. Modheolaíocht | 25 | 15 |
| 4. Achar ama agus bainistíocht tionscadail | 15 | 9 |
| 5. Miondealú ar an mbuiséad | 15 | 9 |
| **Iomlán** | **100%** | |

**Ceisteanna a bhaineann le critéir an mheasúnaithe:**

*1. Pearsanra*

- Cáilíochtaí agus taithí an phearsanra – an bhfuil siad siúd feiliúnach don tionscadal beartaithe?
- An bhfuil an scil agus/nó an taithí shásúil ag an mbainisteoir tionscadail beartaithe?
- An bhfuil acmhainní soláthair foirne leordhóthanacha agus an t-am leordhóthanach á gcur ar fáil don tionscadal?
- Ar léirigh an fhoireann roimhe seo go bhfuil taithí acu atá ábhartha don tionscadal?

-

*2. Gníomhaíocht bheartaithe*

- An dtugtar cur síos soiléir ar an tionscadal agus an bhfuil sé réalaíoch?
- Cé chomh hábhartha agus atá an ghníomhaíocht do chlár oibre NDCS agus/nó do chuspóirí straitéiseacha nó d'inniúlachtaí maidir le litearthacht sna meáin de réir mar a leagtar amach sa Bheartas um Litearthacht sna Meáin iad?

*3. Modheolaíocht*

- Ar leagadh amach togra soiléir agus cuí san iarratas?
- An léir go bhfuil an ghníomhaíocht bheartaithe ag teacht le gealltanais agus le prionsabail NCDS maidir le litearthacht sna meáin agus go méadóidh sí ar eolas, ar fheasacht agus ar aschuir an oiread agus is féidir?

*4. Achar ama agus bainistíocht tionscadail*

- An t-achar ama a mbaineann an ghníomhaíocht bheartaithe leis, an bhfuil sé siúd réalaíoch?
- Na rialúcháin cháilíochta agus na próisis maidir le bainistíocht riosca, an bhfuil siad siúd follasach?
- An cur síos ar an gcur chuige i leith bhainistíocht an tionscadail, an bhfuil sé siúd soiléir, réalaíoch agus insoláthartha?
- An bhfuil tacaíochtaí leordhóthanacha i bhfeidhm chun na rioscaí a bhaineann leis an tionscadal (e.g. tacaíocht riaracháin, foireann pearsanra de réir mar is cuí, srl.) a laghdú an oiread agus is féidir?

*5. Miondealú ar an mbuiséad*

- Ar chuir an t-iarratasóir buiséad soiléir isteach?
- An bhfuil an buiséad réalaíoch agus an féidir é a bhaint amach?

## Aguisín 2

**SAORÁIL FAISNÉISE AGUS FAISNÉIS ÍOGAIR**

Sonraigh aon fhaisnéis san iarratas a mheasann tú a bheith íogair.

*Tuigim go bhféadfaidh sé go n-eiseofar faisnéis atá san iarratas seo mar fhreagra ar iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Tá oibleagáid ar Choimisiún na Meán faoin Acht seo dul i gcomhairle leis an iarratasóir sula ndéanfar aon chinneadh maidir le faisnéis dá leithéid a eisiúint.*

***Síniú:*** ______________________________

***Thar ceann:*** ______________________________

**NOCHTADH MAIDIR LE COINBHLEACHTAÍ LEASA**

Sínigh A nó B

A**. *Níl aon choinbhleacht leasa i gceist leis an iarratas seo.***

***Síniú:*** ______________________________

***Thar ceann:*** ______________________________

B. *Dearbhaítear an coinbhleacht/na coinbhleachtaí leasa seo leanas maidir leis an iarratas.*

***Síniú:*** ______________________________

***Thar ceann:*** ______________________________